



COMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR  
CLARE COUNTY COUNCIL



# RÁITEAS AIRGEADAIS BLIANTÚIL CHOMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR INIÚCHTA

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021



# CLÁR ÁBHAR INIÚCHTA

	<b>Leathanach</b>
Athbhreithniú Airgeadais	2
Deimhniú an Phríomhfheidhmeannaigh / an Chinn Airgeadais	18
Tuairim an Iniúcháora	20
Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta	22
 <b>Cuntais Airgeadais</b>	
	28
Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach (Cuntas Ioncaim agus Caiteachais)	29
Ráiteas faoin Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe)	30
Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí (Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí)	30
Nótaí a ghabhann leis na Cuntais agus ar cuid de na Cuntais iad	31 - 42
 <b>Aguisíní</b>	
1 Anailís ar Chaiteachas	43
2 Caiteachas agus Ioncam de réir Rannáin	44 - 51
3 Anailís ar Ioncam ó Dheontais agus Fóirdheontais	52
4 Anailís ar Ioncam ó Earraí agus Seirbhísí	5
5 Achoimre ar Chaiteachas Caipitil agus Ioncam	54
6 Caiteachas Caipitil agus Ioncam de réir Rannáin	55
7 Mórbhailiúcháin Ioncaim	56
8 Leas na nÚdarás Áitiúil i gCuideachtaí	57



## 1. Réamhrá

Cuirtear an Ráiteas Airgeadais Bliantúil seo don bhliain 2021 i láthair leis seo san fhormáid fhorordaithe agus de réir treoirínite rannacha. Áirítear leis an Ráiteas Airgeadais Bliantúil an Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach (an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais roimhe seo) agus an Ráiteas faoin Staid Airgeadais (an Clár Comhardaithe roimhe seo), mar aon le nótaí agus aguisíní lena dtacaítear leis an dá ráiteas. Soláthraítear sna nótaí, sna hagusíní agus sna beartais chuntasaíochta a ghabhann leis seo anailís agus míniú níos mine ar na figiúirí atá ar áireamh sna cuntais.

Tá an Ráiteas Airgeadais Bliantúil faoi réir iniúchadh seachtrach ag an Iniúcháir Rialtais Áitiúil, a gceanglaítear air/uirthi teacht ar thuairim neamhspleách ar na cuntais agus Tuarascáil Iniúchára a chur faoi bhráid na Comhairle Contae. Scaipfear cóip den Tuarascáil Iniúchára sin ar na Comhaltaí den Chomhairle tar éis don choiste iniúcháireachta breithniú a dhéanamh uirthi.

## Forbhreathnú

Tugtar forbhreathnú sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil ar staid airgeadais Chomhairle Contae an Chláir amhail an 31 Nollaig 2021. Thabhaigh an Chomhairle caiteachas iomlán ab ionann agus €217.3m (gan aistriú le haghaidh caiteachais chuig caipiteal a áireamh) sa bhliain 2021. Cuimsítear ansin Caiteachas Ioncaim ab ionann agus €141m agus Caiteachas Caipitil ab ionann agus €76.7m. Tá sé sin ar aon dul, tríd is tríd, leis an gcaiteachas foriomlán sa bhliain 2020, ab ionann agus €215.3m, cé gur tháinig méadú ar chaipiteal sa bhliain 2021.

Sa tábla thíos, cuirtear an caiteachas sa bhliain 2021 i gcomparáid leis an gcaiteachas sa bhliain 2020 ó thaobh ioncam agus chaipiteal an dá shnáithe de. Táthar ag leanúint le seirbhísí a sholáthar agus le tionscadail éagsúla bhonneagair a fhorbairt ar fud thréimhse na paidéime.

TÁBLA 1						
Rannán	Caiteachas Caipitil Iarbhír 2020	Caiteachas Ioncaim Iarbhír 2020	Iomlán 2020	Caiteachas Caipitil Iarbhír 2021	Caiteachas Ioncaim Iarbhír 2021	Iomlán 2021
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Tithíocht agus Foirgníocht	28,910	23,375	52,285	35,601	25,426	61,027
Iompar de Bhóthar agus Sábháilteacht ar Bhóithre	18,837	36,314	55,151	17,424	38,316	55,740
Soláthar Uisce agus Séarachas	728	13,226	13,954	1,335	13,141	14,477
Dreasachtaí agus Rialuithe Forbartha	6,352	34,831	41,184	12,406	21,192	33,598
Cosaint an Chomhshaoil	1,636	15,601	17,237	1,821	16,484	18,305
Áineas agus Taitneamhacht	2,831	11,438	14,269	6,480	12,817	19,297
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas	220	674	894	435	635	1,071
Seirbhísí Ilghnéitheacha	3,059	25,758	28,818	2,934	20,772	23,706
	<b>62,575</b>	<b>161,218</b>	<b>223,793</b>	<b>78,437</b>	<b>148,784</b>	<b>227,221</b>
Caiteachas Iomlán (Gan Aistrithe a Áireamh)	<b>61,847</b>	<b>153,512</b>	<b>215,360</b>	<b>76,733</b>	<b>140,570</b>	<b>217,303</b>

Pléadh tionchar airgeadais phaindéim COVID-19, agus cuireadh i láthair na gcomhaltaí é, roinnt uaireanta sa dá bhliain seo a chuaigh thart. Bhí tionchar mór ag paindéim COVID-19 ar ár sochaí agus ar an ngeilleagar, agus leanfaidh a héifeachtaí go ceann i bhfad. Mar thoradh ar chomhairle sábháilteachta sláinte agus srianta paindéime an rialtais a thabhairt isteach, tháinig laghdú suntasach ar ioncam an rialtais áitiúil ó earraí agus seirbhísí agus ó rátaí tráchtála, ar comhphárteanna tábhachtacha iad de chistiú na Comhairle seo. Bhraitheamar bliain iomlán srianta ar ghnólachtaí agus ar an tsochaí sa bhliain 2021. Bhí na srianta sin thar a bheith dúshlánach don Chomhairle seo, agus leanamar le cailteanais shuntasacha ioncaim a fhuilngt i ndáil le hioncam ó shaoráidí Turasóireachta, Páirceála agus Taitneamhachta. Is ionann cailteanas comhlán ioncaim na bliana iomláine i gcomparáid leis an mbuiséad ó na trí fhoinsé sin agus €7.5m. Tá an cailteanas sin cothrom le €3.2m tar éis é a choigeartú do choigilteas caiteachais. I gcomhthráth leis an gcaillteanas ioncaim sin, b’amhlaidh a thabhaigh an Chomhairle seo caiteachas breise neamhphleanáilte a bhí os cionn an fhigiúir ar buiséadaíodh dó agus/nó ar soláthraíodh cistiú deontais dó maidir le déileáil le tionchair na paindéime. Cé gur tabhaíodh an caiteachas breise sin ar fud roinnt réimsí seirbhíse, tháinig sé chun cinn go príomha i réimsí amhail cothabháil trána agus taitneamhachtaí poiblí, tionscnaimh thurasóireachta agus poiblíocht, feabhsuithe ar bhonneagar TFC, agus tacaí i ndáil le cianoibriú agus soláthar seirbhíse. Is é €1.54m an costas iomlán a tabhaíodh sa bhliain 2021. Chun tacú le hÚdarás Áitiúla, d’fhógair an rialtas cistiú €61m don earnáil chun na dúshláin airgeadais sin a chomhrac. Fuair an Chomhairle seo leithdháileadh €3m, cothrom le 100% den ioncam a cailleadh suas go deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2021 agus le 38% den chaiteachas breise a tabhaíodh sa chéad trí ráithe den bhliain 2021. Ba í an Chomhairle seo a d’íoc an chuid eile den chaillteanas airgeadais a bhaineann leis na réimsí sin, agus tá an costas sin mar chuid den athraitheas atá leagtha amach go mion i gcorp na tuarascála seo.

Is é ioncam ó rátaí tráchtála príomhfhoinse ioncaim na Comhairle seo le haghaidh seirbhísí a sholáthar. Tharla sé arís eile sa bhliain 2021 go raibh tionchar suntasach ag dúshláin phaindéim COVID-19 ar thionscail ar leith laistigh dár mbonn custaiméirí thar an dá mhí dhéag ar fad den bhliain 2021 mar thoradh ar na srianta oibriúcháin a bhí ar a ngnólachtaí. Mar gheall ar fhógairt agus cur chun feidhme an tarscaoilte Rátaí Tráchtála chuig earnálacha éagsúla den gheilleagar sa bhliain 2021, fuair an Chomhairle seo cistiú €11.6m chun rátaí tráchtála a tharscaoileadh go páirteach nó go hiomlán ar fud 2,100 cuntas custaiméara. Rannchuidigh an tacaíocht sin ón rialtas go mór le torthaí airgeadais na bliana 2021, toisc nár tháinig chun cinn ar chor ar bith na méideanna do-aisghabhála a rabhthas ag súil leo roimhe seo. Tá sé tábhachtach go dtuigfí an tírdhreach amach anseo sa réimse sin agus an fhíric go mbeidh sé dúshlánach caidreamh a dhéanamh an athuir le custaiméirí rátaí tráchtála a fuair tarscaoileadh rátaí tráchtála sna ceithre mhí is fiche a bhí imithe thart. Táthar ag súil leis nach dtiocfaidh tionchar fíor na paindéime ar bhailiúcháin rátaí tráchtála chun solais ach amháin de réir mar a scoirfead de na tacaí náisiúnta do ghnólachtaí agus a fhillfidh ar rátaí tráchtála iomlána a bheith iníoctha. Tá an tuarascáil ar rátaí tráchtála mar aguisín leis an tuarascáil seo agus tugtar tuilleadh mionsonraí do chomhaltaí inti.

D’ainneoin na dtionchar sonrath airgeadais sin, is cúis áthais dom a thuairisciú go léirítear sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach 2021 (Cuntas Ioncaim agus Caiteachais) staid atá chóir a bheith cothromaithe tar éis cistiú ioncaim agus cistiú acmhainní dílse a thabhairt do thionscadail chaipitil. Nuair a thógtar an cailteanas oibriúcháin €0.28m le chéile le hamúchadh na hiasachta corparáidí €0.45m, tagann feabhas ar Iarmhéid Ioncaim na Comhairle seo. Is toradh dearfach é sin i bhfianaise na haeráide fioscaí,

agus tógann sé ar thorthaí na mblianta beaga atá imithe thart maidir le heasnamh ioncaim na Comhairle seo a dhíothú.

## **2. Cuntas Ioncaim agus Caiteachais**

Leagtar amach sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais ar leathanach 28 an toradh don bhliain de réir an Rannáin. B'ionann an caiteachas foriomlán in aghaidh buiséid ioncaim sa bhliain 2021 (lena n-áirítear aistrithe) agus €148.8m agus b'ionann ioncam iomlán (lena n-áirítear aistrithe) agus €148.95m, mar atá leagtha amach i nóta 16 a ghabhann leis na cuntais.

Is ionann an toradh don bhliain ar Chuntas Ioncaim agus Caiteachais na Comhairle roimh amúchadh na hiasachta corparáidí agus cailteanas €0.28m i gcomparáid leis an mbuiséad glactha. Nuair a chuirtear amúchadh na hiasachta corparáidí €0.45m ar áireamh, is ionann an toradh agus toradh dearfach €0.17m don bhliain, mar atá leagtha amach cheana féin. Is toradh dearfach é sin i bhfianaise an mhéid a tharla sa bhliain seo a chuaigh thart, mar atá leagtha amach thuas.

Bhilleáil Comhairle Contae an Chláir €42.1m san iomlán i rátaí tráchtála sa bhliain 2021. D'ainneoin an tionchair atá leagtha amach thuas, tuairiscíonn an Chomhairle seo céatadán bailiúcháin a bhí cothrom le 87% tar éis coigeartú a dhéanamh don tarscaoileadh rátaí, an céatadán céanna bailiúcháin a bhí ann sna blianta 2019 agus 2020. B'amhlaidh a tháinig laghdú €0.7m ar riaráistí ar rátaí tráchtála sa bhliain. D'fhógair an Rialtas scéim um tharscaoileadh rátaí chun tionchar phaindéim COVID-19 ar ghnólachtaí incháilithe a mhaolú le linn na bliana 2021, agus rátaí tráchtála á dtarscaoileadh go páirteach nó go hiomlán ar fud earnálacha éagsúla. B'ionann an méid a tarscaoileadh agus €11.6m, agus tá sé léirithe sa cholún Tarscaoiltí/Creidmheasanna in aguisín 7 ar leathanach 56. Mar thoradh ar an toradh dearfach sin sa bhailiúchán rátaí tráchtála, bhí athraitheas dearfach ann i gcomparáid leis an mbuiséad i leith na Scéime Dreasachta Luath-Íocaíochta, i leith an tsoláthair do réadmhaoine folmha agus i leith an mhéid ar buiséadaíodh dó i leith rátaí do-aisghabhála. Maolaíonn an coigilteas caiteachais sin na cailteanais a leagadh amach níos luaithe.

Bhí glanioncam ón muirear i leith Áiteanna Cónaithe Príobháideacha Neamhphríomha €0.3m níos mó ná an buiséad don bhliain. Tháinig laghdú suntasach ar an bhfoinse ioncaim sin i gcomparáid leis na figiúirí do bhlianta roimhe seo, agus scoirfidh sé de bheith ann ar chor ar bith de réir mar a chomhchuirtear an reachtaíocht isteach sa dliteanas Cánach Maoine Áitiúla. Fuarthas freisin ioncam dearfach breise ab ionann agus €0.3m ó Irish Public Bodies Mutual Insurances i lacáistí mar gheall ar an bpaindéim.

Bhí Párolla, Pinsin agus Aiscí ar aon dul leis an mbuiséad, tríd is tríd, agus bhí athraitheas dearfach ab ionann agus thart ar 2.5% den bhuiséad foriomlán ann ar fud gach rannáin. Tá ioncam aoisliúntais €0.2m os cionn an bhuiséid, agus rannchuidigh Aiscí Pinsin nár tabhaíodh mar gheall ar uainiú an scoir ab ionann agus €0.7m, párolla a aisghabhadh ar scéimeanna Caipitil Tithíochta ab ionann agus €0.3m agus coigilteas ar uainiú líonadh na bpost folamh ab ionann agus €0.6m leis an athraitheas dearfach.

Tuarascáil ar Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2021

Tháinig athraitheas suntasach chun cinn ar fud roinnt míreanna sonracha líne caiteachais, eadhon i róchaiteachais maidir le feabhsúchán ar Stoc Tithíochta Foilmhe (€0.85m), maidir le Deontais Bóithre agus le hAcmhainní Dílse an rannáin Bóithre (€0.7m), agus maidir le hionadaíocht ag Cásanna Díl i ndáil le Cóiríocht don Lucht Siúil agus Forbairt Gheilleagrach (€1.0m). Tá an t-athraitheas sin leagtha amach go mion thíos agus maolaíodh é le hioncam breise ó chíosanna tithíochta (€0.5m) agus le coigilteas in Iasachtaí i gcás nár tarraingíodh iasachtaí anuas (€0.8m).

Seachas an príomhathraitheas atá leagtha amach thuas, soláthraítear sna ráitis airgeadais cistiú do chaiteachas ar thionscadail ioncaim agus ar thionscadail chaipitil araon. Sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais, déantar soláthar d'aistrithe chuig caiteachas caipitil i gcás caiteachas a tabhaíodh cheana féin. Déantar soláthar ann freisin do chaiteachas amach anseo. Tá na soláthairtí cistiúcháin sin do chaipiteal leagtha amach sa tábla thíos, agus is cuid de nóta 14 a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Bliantúil iad. Rinneadh soláthar i mBuiséad 2021 do €12.5m a aistriú chuig caiteachas. Leis an gcistiú sin, déantar soláthar do chistiú meaitseála/páirtchistiú do thionscadail chaipitil i gcás go gceadaítear é sin laistigh de théarmaí na scéime cistiúcháin caipitil nó i gcás go gceistítear an tionscadal lena mbaineann le hacmhainní dílse na Comhairle seo. Ón tábla thíos, saináithníodh gur caitheadh €5.5m cheana féin ar thionscadail chaipitil atá críochnaithe nó atá ar siúl faoi láthair.

Lipéid Ró	Suim an Aistrithe chuig Cúlchisti	Suim A	Suim B	Suim D	Suim E	Suim F	Suim H	Suim J
<b>Do Phleanáil Tionscadal amach anseo</b>	<b>1,595</b>			<b>745</b>	<b>550</b>			<b>300</b>
Oiriúnuithe don Athrú Aeráide	250				250			
Bonneagar TFC, lena n-áirítear an Seomra	300							300
Cistiú Meaitseála ar Dheontais Éagsúla	550			550				
Bainistíocht Réadmhaoine agus Láithreáin Thréigthe	400			100	300			
Eile	95			95				
<b>Tionscadal tosaithe agus cistiú geallta</b>	<b>5,528</b>	<b>1,149</b>	<b>624</b>	<b>1,757</b>	<b>410</b>	<b>1,068</b>	<b>520</b>	
Cothabháil Taitneamhachtaí 2022	193					193		
Tithe Folmha agus Stoc Folamh	1,149	1,149						
Talamh a Ceannaíodh le haghaidh forbairt amach anseo	300			150	150			
Forbairt Leabharlann agus Deisiúcháin Bhunriachtanacha	775					775		
Cistiú Meaitseála ar Dheontais Éagsúla	989		224	765				
Ceantair Bhardasacha agus Toghcháin Áitiúla	636						636	
Bainistíocht Réadmhaoine agus Láithreáin Thréigthe	100					100		
Bóithre, Cothabháil Geimhridh, agus Athbhreithniú ar Pháirceáil	400		400					
Cur Chun Feidhme na Straitéise Turasóireachta	535			535				
Bóithre, Cothabháil Geimhridh, agus Athbhreithniú ar Pháirceáil	339						339	
Eile	112			307	260		455	
<b>Móiriomlán</b>	<b>7,123</b>	<b>1,149</b>	<b>624</b>	<b>2,502</b>	<b>960</b>	<b>1,068</b>	<b>520</b>	<b>300</b>
<b>Soláthartha in aghaidh na línte buiséid seo sa bhliain 2021</b>	<b>6,297</b>							
<b>Aistrithe Iarbhír a bhí sa bhreis ar an mbuiséad foriomlán</b>	<b>827</b>							

**Is iad seo a leanas roinnt de na torthaí dearfacha sa tábla thuas a bhí os cionn an fhigiúir ar buiséadaíodh dó sa bhliain 2021**

- €0.25m i dtreo feithiclí a oiriúnú don Athrú Aeráide agus €0.25m a leithdháileadh ó Ranníocaíochtaí Forbartha, rud a sholáthraíonn ciste €0.5m le haghaidh líonra pointí luchtaithe feithiclí leictreacha a sholáthar sa chontae seo agus le haghaidh flít na Comhairle a oiriúnú.
- cistiú €0.2m sa bhreis do thionscadal an Athbhreithnithe ar Pháirceáil ar fud an Chontae. Cuirfear tús leis an tionscadal seo sa chéad ráithe den bhliain 2022, agus déanfar athbhreithniú ar láithreacha páirceála, leataobhanna



- agus táillí páirceála lena linn.
- €0.2m i dtreo cothabháil trána agus taitneamhachtaí limistéir phoiblí sa bhliain 2022 nach ndearnadh soláthar di sa Bhuiséad glactha don bhliain 2022.
  - Cistiú breise €0.6m chun Stoc Tithíochta Foilmhe na Comhairle a fheabhsú. Bhí an réimse sin ina dhúshlán le blianta beaga anuas agus is amhlaidh, cé gur tháinig méadú ar an soláthar buiséid ghlactha ó bhliain go bliain, ba mhó go mór na costais iarbhrí.
  - €0.4m i dtreo bainistíocht réadmhaoine, idir dhéanmhais chontúirteacha, láithreáin thréigthe agus réadmhaoine atá faoi úinéireacht na Comhairle.
  - Cistiú meaitseála €0.5m agus €0.13m faoi seach ar an dá scéim faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach in Inis agus i Sionainn, cistiú meaitseála €0.13m don scéim faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe a fógraíodh le déanaí ar an Scairbh, agus cistiú i dtreo Athbheochan Bailte Tuaithe.
  - €0.4m chun an Clár Cothabhála Geimhridh agus Acmhainní Dílse an rannáin Bóithre don bhliain 2022 a fhorlónadh. Cuirtear leis sin trí leithdháileadh €100k de réir Ceantar Bardasach ón Ranníocaíocht Forbartha le haghaidh oibreacha ríochta poiblí áitiúla nach ndéantar soláthar dóibh i gcúnamh deontais ná sa sceideal oibreacha ceantair bhardsaigh.
  - €0.1m i leith Cothabháil Ionad Adhlactha Contae, agus €0.17m i leith deisiúcháin bhunriachtanacha ar Leabharlanna Brainse.
  - €0.6m chun an Leithdháileadh neamhchaite Ceantair Bhardsaigh don bhliain 2021 a choinneáil siar.

## **An tAthraitheas de réir Rannáin**

Mínítear sna míreanna seo a leanas na príomhnithe a bhí taobh thiar den toradh a baineadh amach i ngach ceann de na Rannáin sa bhliain 2021. Leithdháiltear caiteachas ar chostais Tacaíochta Seirbhíse (Rannán J) ar ais ar Rannán A go H.

- **Rannán A – Tithíocht agus Foirgníocht.**

Bhí caiteachas iomlán €2.4m os cionn an bhuiséid. Bhí ioncam €2.1m os cionn an bhuiséid sin, agus glantionchar €0.3m ann. Cé gur tháinig an caiteachas breise os cionn an bhuiséid chun cinn i roinnt réimsí, bhain sé go príomha le caiteachas caipitil a chistiú ar thithe folmha, oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh agus cothabháil (€1.1m), ar an Scéim um Chóiríocht ar Cíos agus Léasú (€1.2m), ar Dheontais Tithíochta (€0.6m), agus ar Sheirbhísí Dlí (€0.7m). Fritháiríodh an caiteachas sin le hioncam breise a gineadh faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos, agus 80% den chaiteachas ar Léasú agus ar Dheontais Tithíochta á chistiú ag an rialtas. Fritháiríodh an caiteachas sin le coigilteas ar mhuirir iasachta, le haisghabhálacha párolla i leith tionscadail chaipitil tithíochta, agus le hioncam breise ó chíos agus léasú tithíochta a bhí os cionn an fhiúir ar buiséadaíodh dó. Rinneadh soláthar sa rannán seo do chostais amach anseo a bhaineann le stoc folamh a chur in úsáid arís (€0.6m).
- **Rannán B – Iompar agus Bonneagar.**

Agus é cothrom le €38.3m, bhí an Caiteachas Iomlán sa chuntas Ioncaim ar bhóithre don bhliain 2021 €4.4m os cionn an fhiúir ar buiséadaíodh dó, agus an t-ioncam €2.7m os cionn an fhiúir ar buiséadaíodh dó. Fritháiríodh an caiteachas méadaithe €2.8m ar scéimeanna deontas le hioncam deontais breise. Bhí an glanchostas €0.2m os cionn an bhuiséid i leith poist deontais. Bhí

caiteachas méadaithe ann freisin ar chothabháil soilsithe phoiblí agus ar chothabháil geimhridh. B'ionann agus thart ar €0.3m an caiteachas breise os cionn an fhighiúir ar buiséadaíodh dó a tabhaíodh ar ár mbóithre áitiúla agus réigiúnacha. Áirítear leis an gcaiteachas freisin soláthar d'Acmhainní Dílse i leith Sceideal na nOibreacha Ceantair Bhardasaigh, do Mhionscéimeanna Tuilte agus don fhreagairt do thuilte, don athbhreithniú ar pháirceáil, agus d'iarfheistiú soilsithe phoiblí. Rud a rannchuidigh leis an nglaneasnamh sa rannán seo is ea ioncam laghdaithe ó pháirceáil, agus é €0.49m faoi bhun an bhuiséid. D'fhorchúitigh an rialtas láir €0.36m den ioncam sin, agus tá sé tuairiscithe i Rannán H. Rinneadh soláthar do na nithe seo a leanas sa rannán seo: costais amach anseo a bhaineann le cothabháil geimhridh (€0.15m); an t-athbhreithniú ar pháirceáil ar fud an chontae (€0.2m); agus sceideal oibreacha ceantair bhardasaigh na bliana 2022 (€0.25m).

➤ **Rannán C – Seirbhísí Uisce agus Fuíolluisce.**

Bhí an glanchaiteachas agus an glanioncam sa rannán seo ar aon dul, tríd is tríd, leis an mbuiséad. Tabhaítear caiteachas ar bhonn gníomhaireachta thar ceann Uisce Éireann, agus forchúitíonn an Chomhairle seo an caiteachas sin ar fad. Tá caiteachas ar sheirbhísí uisce nach seirbhísí Uisce Éireann iad ar aon dul, tríd is tríd, leis an mbuiséad, glan ar ioncam. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta ar thodhchaí an tsoláthair Seirbhísí Uisce agus Fuíolluisce sa chontae agus ar an tionchar airgeadais atá ag caiteachas lárnach. Is saincheist í sin a bhfuil an Chomhairle ar an eolas fúithi agus tabharfaidh sí an t-eolas is deireanaí do chomhaltaí de réir mar a thagann tuilleadh soiléire chun cinn ina leith.

➤ **Rannán D – Bainistíocht Forbartha.**

Tá an caiteachas iomlán sa rannán seo ar aon dul, tríd is tríd, leis an mbuiséad glactha €20.9m. Bhí ioncam €3.0m faoi bhun an fhighiúir ar buiséadaíodh dó, rud is cúis le glan-athraitheas atá €3.3m os cionn an bhuiséid. Is é an príomhathraitheas ná an cailteanas suntasach ioncaim ó láithreán turasóireachta Aillte an Mhothair. I dteannta roinnt coigiltis caiteachais ag an láithreán sin, mar aon leis an ioncam a cailleadh suas go deireadh mhí Mheán Fómhair 2021 a aisghabháil ón rialtas láir, ní raibh aon tionchar ag an gcaillteanas ioncaim sin ar thorthaí airgeadais na Comhairle seo don bhliain 2021. Is toradh dearfach é sin don Chomhairle seo.

Is féidir an t-athraitheas caiteachais sa rannán seo a chur síos don chaiteachas breise a tabhaíodh ar na nithe seo a leanas agus a bhí os cionn an fhighiúir ar buiséadaíodh dó: feachtais mhargaíochta turasóireachta; táillí dlí a bhaineann le freagairt do roinnt athbhreithnithe breithiúnacha; an Scéim Suíochánra agus Itheacháin Lasmuigh (fritháiríodh an caiteachas sin le hioncam deontais a d'fhorchúitigh an Chomhairle seo go hiomlán); Scéim cúnaimh COVID-19 do Ghnólachtaí Beaga de chuid na hOifige Fiontair Áitiúil (d'fhorchúitigh an Chomhairle an caiteachas sin go hiomlán freisin); agus caiteachas ar shéadchomhartha Dhónaill Uí Chonaill i mbaile Inse a chaomhnú. Rinneadh soláthar sa rannán seo do na nithe seo a leanas freisin: Cistiú Meaitseáilte i leith an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach agus an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (€0.76m); Forbairt Gheilleagrach agus pleanáil chun cinn i leith pleananna éagsúla (€0.3m); Bainistíocht Réadmhaoine (€0.1m); Glacadh faoi Chúram (€0.75m); Athbheochan Tuaithe (€0.4m); Cur Chun Cinn na

Turasóireachta 2022 (€0.4m); agus cistiú do Láithreáin Forbartha (€0.3m). Tá na soláthairtí sin ann go príomha chun caiteachas a tabhaíodh cheana féin ar thionscadail chaipitil a chistiú agus cistítear ó acmhainní dílse na Comhairle iad i gcás nár tarraingíodh cistiú iasachta agus/ná deontais anuas go hiomlán.

➤ **Rannán E – Seirbhísí Comhshaoil.**

Tá an caiteachas iomlán sa rannán seo €1.3m os cionn an fhigiúir ar buiséadaíodh dó, agus tá ioncam €0.5m os cionn an fhigiúir ar buiséadaíodh dó, rud is cúis le glan-athraitheas diúltach €0.8m. Tháinig an caiteachas breise chun cinn go príomha i réimse na saoráidí Athchúrsála Bainistíochta Dramhaíola, agus meaitseáladh é le hioncam méadaithe (€0.35m) sna réimsí seo a leanas: Seirbhísí Dóiteáin; Sábháilteacht Uisce ag láithreacha trá; láithreáin thréigthe; agus cistiú chun ionaid adhlactha a fháil agus a shíneadh. Rinneadh soláthar €0.25m sa rannán seo do bhearta um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus foráil déanta chun aghaidh a thabhairt ar roinnt láithreán thréigthe (€0.2m).

➤ **Rannán F – Áineas agus Taitneamhacht.**

Tuairiscítear ioncam ó Ionad Fóillíochta Inse agus ó thaitneamhachtaí lasmuigh sa rannán seo, agus ba é an toradh a bhí ar shaoráidí a bheith dúnta de dheasca phaindéim COVID-19 ná cailteanas €0.6m i gcomparáid leis na figiúirí ar buiséadaíodh dóibh. Aisghabhadh ó chistiú ón rialtas láir cailteanais ioncaim suas go deireadh Ráithe 3 (Meán Fómhair 2021) ab ionann agus €0.5m. Tá ioncam foriomlán ar aon dul, tríd is tríd, leis an mbuiséad, toisc go ndearnadh na cailteanais atá luaite a fhritháireamh le hathraitheas dearfach i réimsí eile.

Tá caiteachas thart ar €1.6m níos mó ná an figiúr ar buiséadaíodh dó agus cuirtear é sin síos dóibh seo a leanas: tacaí breise a soláthraíodh do shaoráidí fóillíochta; tionscadail ealaíon (forchúitithe); caiteachas breise a tabhaíodh ar chothabháil tránna agus taitneamhachtaí (forchúiteamh páirteach); agus caiteachas a tabhaíodh chun deisiúcháin fuinnimh/choire a dhéanamh i bhfoirgneamh Glór. Fritháiríodh an caiteachas breise sin le coigilteas i muirir iasachta agus in oibriú shaoráid nua Leabharlann Inse araon. Rinneadh soláthar don choigilteas sin mar aistriú chuig an gcód tionscadal caipitil chun costais bhreise a tabhaíodh mar chuid den tionscadal sin a sholáthar a chistiú (€0.6m). Mar a luadh roimhe seo, rinneadh soláthar sa rannán seo do chostais chothabhála tránna agus taitneamhachtaí sa bhliain 2022 (€0.2m).

➤ **Rannán G – Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas.**

Bhí an glanchaiteachas agus an glanioncam sa rannán seo ar aon dul, tríd is tríd, leis an mbuiséad.

➤ **Rannán H – Seirbhísí Ilghnéitheacha.**

Agus é cothrom le €20.7m, tá caiteachas sa rannán seo €7.7m níos airde ná an buiséad. Tabhaíodh an caiteachas breise sin i réimse na rátaí tráchtála. Is é an príomhathraitheas atá taobh thiar de sin ná an tarscaoileadh rátaí tráchtála a soláthraíodh do chustaiméirí, agus é fritháirithe le méid comhionann ioncaim a forchúitíodh ina leith sin ón rialtas láir (€11.6m). Mar aon leis an tarscaoileadh rátaí tráchtála a fhorchúiteamh, tuairiscítear sa rannán seo an méid €3m a aisghabhadh i leith an chaillteanais ioncaim agus an chaiteachais breise a bhí ann de dheasca phaindéim COVID-19. Ba é sin an rud a bhí taobh thiar den

athraitheas dearfach ioncaim €15.8m atá tuairiscithe i Nóta 16. Bhí athraitheas dearfach eile ann in amúchadh na hÍasachta Corparáidí, i dTobhach Réadmhaoine na Bliana Iontrála, in ioncam ón muirear i leith Áiteanna Cónaithe Príobháideacha Neamhphríomha agus sa díbhinn ó IPBMI atá tuairiscithe sa rannán seo, cé gurb ísle i bhfad an t-athraitheas sin ná an t-athraitheas a chonacthas i mblíanta roimhe sin. Cuireann an coigilteas ar rátaí do-aisghabhála agus ar an Scéim Dreasachta Luath-Íocaíochta leis an nglantoradh sa rannán seo. Rinneadh soláthar sa rannán seo don Leithdháileadh Ceantair Bhardasaigh don bhliain 2021 nach raibh caite ag deireadh na bliana a choinneáil siar.

➤ **Rannán J – Costais Tacaíochta Seirbhíse.**

Tá an rannán seo ar aon dul, tríd is tríd, leis an mbuiséad i gcás gurb amhlaidh, maidir leis na príomhréimsí caiteachais breise a tabhaíodh sa rannán seo os cionn an fhigiúir a ndearnadh soláthar dó i mbuiséad glactha 2021, a bhaineann siad leis na nithe seo a leanas: bainistíocht saoráidí a bheith ag freagairt do riachtanais chóiríochta oifige de dheasca phaindéim COVID-19; an infheistíocht i mbonneagar TFC a theastaíonn chun leanúint de chianoibriú le haghaidh sheirbhísí na Comhairle; agus feabhsuithe riachtanacha ar ár mbonneagar TFC. Mar a luadh níos luaithe, aisghabhadh 38% de na costais sin ón rialtas láir. Tabhaíodh caiteachas sa rannán seo freisin chun soláthar a dhéanamh do na hoibreacha cuí maidir le haitheantas a thabhairt do láithreach stairiúil na dTithe Máithreacha agus Leanaí sa chontae seo. Rinneadh na costais bhreise sin a fhritháireamh go páirteach le caiteachas laghdaithe i bpinsin agus aiscí. Leithdháiltear costais an rannáin seo ar ais ar rannáin A go H ar aon dul le leithdháiltí costas buiséid. Rinneadh soláthar sa rannán seo do chostais bhreise a theastaíonn chun seomra na Comhairle a uasghrádú ar mhaithe le cruinnithe hibrideacha a éascú agus chun tuilleadh uasghráduithe TFC a dhéanamh.

De réir alt 104 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, iarrtar ar an gComhairle an caiteachas breise de réir rannáin atá leagtha amach sa tábla thíos a cheadú. Tá sé sin sa bhreis ar an gceadú a tugadh roimhe seo mar chuid den chruinniú a tionóladh i mí na Samhna 2021 ar an dréachtbuiséad don bhliain 2022.

Tá sé sin leagtha amach de réir rannáin freisin i Nóta 16 a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Bliantúil. Tá athraitheas caiteachais breise leagtha amach de réir rannáin sna míreanna thuas.

<b>Tábla 3</b>	
<b>Ceadú faoi alt 104 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001</b>	
<b>Rannán</b>	<b>€</b>
Iompar de Bhóthar agus Sábháilteacht ar Bhóithre	(2,140,456)
Dreasachtaí agus Rialuithe Forbartha	(268,215)
Cosaint an Chomhshaoil	(712,963)
Áineas agus Taitneamhacht	(1,050,067)

Léirítear sa tábla seo a leanas na hAistrithe chuig Cúlchistí, lena n-áirítear íocaíocht

phríomhshuim na hiasachta ar iasachtaí fadtéarmacha agus an cistiú do thionscadail ar ina leith a thairgeadh an caiteachas ar an gcuntas caipitil. Táthar ag iarraidh go foirmiúil ar an gComhairle faoi láthair na haistrithe sin a bhfuil luach iomlán €12m orthu a cheadú le rún. Amhail dá dtagraítear roimhe seo, d'áireofaí le Buiséad 2021 leibhéal comhchosúil aistrithe buiséadaithe laistigh den bhuiséad foriomlán. Tá tuilleadh mionsonraí faoin gcolún maidir le cistiú tionscadal caipitil tugtha thuas freisin.

<b>Tábla 4</b>					
<b>Aistrithe chuig Cúlchistí agus ó Chúlchistí 2021</b>					
		<b>Iasachtaí agus Léasanna</b>		<b>Cistiú Tionscadal Caipitil</b>	<b>RAS/ Léasú / HAP</b>
		<b>Iomlán</b>			
		€'000	€'000	€'000	€'000
<b>A</b>	Tithíocht agus Foirgníocht	1,342	806	1,149	(613)
<b>B</b>	Iompar agus Bonneagar	962	339	623	
<b>C</b>	Soláthar Uisce agus Séarachas	255	255	-	
<b>D</b>	Dreasachtaí agus Rialuithe Forbartha	3,477	974	2,503	
<b>E</b>	Cosaint an Chomhshaoil	1,862	901	961	
<b>F</b>	Áineas agus Taitneamhacht	1,670	602	1,068	
<b>G</b>	Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas	-	-	-	
<b>H</b>	Seirbhísí Ilghnéitheacha	520	-	520	
<b>J</b>	Seirbhísí Tacaíochta	1,861	1,561	300	
		<b>11,949</b>	<b>5,438</b>	<b>7,124</b>	<b>(613)</b>

- Is leis an ngné príomhshuime d'aisíocaíochtaí iasachta nach aisíocaíochtaí morgáiste a bhaineann an tsuim €5.4m i gColún 2.
- Is le tionscadail a chistiú ar an gcuntas caipitil dá dtagraítear i dTábla 2 thuas a bhaineann an tsuim €7.1m i gColún 3.
- Is ionann an tsuim €0.6m i Rannán A (Colún 4) agus imfhálú an toraidh dhiúltaigh ar an Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS) ón gcuntas caipitil, mar a cheadaítear le ciorclán ón Roinn sa bhliain 2021, agus na haistrithe ba ghá a dhéanamh faoi chistiú an Chláir Cúnaimh Tithíochta (HAP) ó RAS agus ó dheontais Léasaithe agus Tithíochta.

### 3. Clár Comhardaithe

Is ionann an Clár Comhardaithe agus ráiteas faoi staid airgeadais na Comhairle amhail an 31 Nollaig 2021.

## **Sócmhainní Seasta**

Is ionann glanluach leabhar iomlán na Sócmhainní Seasta sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain 2021 agus €2.8 billiún, mar atá leagtha amach i Nóta 1 a ghabhann leis an Ráiteas. Sa nóta sin, leagtar na sócmhainní amach de réir catagóire, mar aon le gluaiseachtaí na bliana 2021. Tháinig méadú €33.5m, a bheag nó a mhór, ar Shócmhainní Seasta sa bhliain 2021. Tá sé sin comhdhéanta go príomha de thithíocht a thógáil agus a cheannach, rud ab ionann agus thart ar €26m, agus is féidir an méid €7.5m atá fágtha a chur síos do cheardlann Stáisiún Dóiteáin Inse, do Sheomraí Feistis Pháirc Tim Smyth, do Sheanteach an Reachtaire agus áitreabh Pháirc Gnó Bhaile Uí Mháille a cheannach, do Pháirc Baile Shionainne a fhorbairt agus d'uasghráduithe Gléasra agus Innealra.

## **Obair idir Lámha**

Tá obair idir lámha agus réamhchaiteachais curtha i láthair sa chlár comhardaithe mar chaiteachas carnach €60.9m go dtí seo ar thionscadail agus scéimeanna atá idir lámha, agus an t-ioncam carnach comhfhreagrach cothrom le €59.7m. Is ionann é sin agus méadú €18m, beagnach, ar leibhéal na hOibre idir Lámha an 31 Nollaig 2020. Is féidir an méadú suntasach a chur síos do leibhéal méadaithe na Scéimeanna Tógála Tithíochta, don dul chun cinn ar Thionscadal Chrosaire Dhroichead na Sionainne agus d'Fhorbairt Leabharlann Inse.

## **Bainistíocht Cisteáin agus Bailiú Fiach**

B'ionann iasachtaí na Comhairle ab iníoctha an 31 Nollaig 2021 agus €83.5m, rud a bhí ar aon dul, tríd is tríd, le hiarmhéid €82.7m i mí na Nollag 2020. Tarraingíodh €9.3m eile anuas sa bhliain 2021 a bhain le hiasachtaí nach iasachtaí morgáiste le haghaidh an Tionscadail Éifeachtúlachta Fuinnimh Soilse Poiblí (PLEEP) (€6.5m) agus le hAthghiniúint Lahinch Seaworld (€1.5m) agus tarraingíodh breis agus €1.0m anuas chun Iasachtaí Tí Atógáil Éireann a réamhioc, ar iasachtaí iad atá in-fhorchúitithe go hiomlán ó chustaiméirí morgáiste.

Tá iomlán na nIasachtaí, atá cothrom le €83.5m, leagtha amach i Nóta 7 a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Bliantúil, agus cuimsíonn sé iasachtaí tithíochta atá urraithe le morgáistí is ionann agus €15.8m, iasachtaí le hEagraíochtaí Tithíochta Deonaí agus iasachtaí €8.3m a bhaineann le bonneagar Uisce agus Fuíolluisce agus le hiasachtaí maoiniúcháin idirlinne. Tá ag na hiasachtaí de chineál morgáistí Tithíochta ioncam gaolmhar ó na custaiméirí iasachta tithíochta nó trí mhuirir iasachta a aisghabháil, mar atá leagtha amach i Nóta 3 a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Bliantúil. Baineann an méid €59.3m atá fágtha le forbairtí éagsúla bonneagair sa chontae a chistiú.

Tá mionsonraí faoi na Mórghiniúcháin Ioncaim ar ár bpríomhshruthanna ioncaim agus anailís ar an bhfeidhmíocht maidir le híocaíochtaí custaiméirí don bhliain 2021 ar áireamh in Aguisín 7 a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Bliantúil, agus tá an céatadán a bailíodh do na blianta 2020, 2019 agus 2018 faoi seach léirithe i dTábla 5 thíos.

**Tábla 5**

Roinn Ioncaim	2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021
Rátaí Tráchtála	75%	82%	84%	86%	87%	87%	87%	87%
Cíosanna Tithíochta	86%	87%	86%	84%	85%	85%	86%	86%
Iasachtaí Tithíochta	62%	58%	60%	66%	69%	74%	78%	78%

- Bhí ioncam ó Rátaí Tráchtála ar an bpríomhfhoinsé ioncaim de chuid na Comhairle a raibh tionchar suntasach uirthi an athuir sa bhliain 2021 mar thoradh ar shrianta COVID-19 ar ghnólachtaí agus ar an tsochaí. B'ionann an t-airgead tirim iarbhair a bailíodh sa bhliain agus €26m, a bhí cothrom le laghdú €10m ar an bhfigiúr a bailíodh sa bhliain 2019. Maolaíodh é sin leis an gcistiú €11.6m a thug an rialtas láir le haghaidh an tarscaoilte rátaí tráchtála. Is dearfach an rud é a lua gurb amhlaidh, d'ainneoin an tionchair dhá mhí dhéag a bhí ag paidéim COVID-19 ar ghnólachtaí, ab ionann an táscaire feidhmíochta bailiúcháin agus an figiúr sa bhliain 2020, agus é cothrom le 87%. Tháinig laghdú €0.7m ar rátaí tráchtála amuigh iarbhair. Athshainíodh an tarscaoileadh rialtais le haghaidh rátaí tráchtála ó thús na bliana 2021 i leith, agus líon níos ísle gnólachtaí ag leanúint le cáiliú le haghaidh an tarscaoilte do na chéad trí ráithe den bhliain 2021, agus tugadh tarscaoileadh níos spriocdhírthe isteach sa ráithe dheiridh do na gnólachtaí fáilteachais, fóillíochta agus aerfoirt agus dóibh sin amháin. Leis an leanúint sin le scéim an Tarscaoilte Rátaí Tráchtála, maolaíodh roinnt de na rioscaí sa bhailiúchán rátaí tráchtála don bhliain agus bhí sí ina cuid thábhachtach den toradh a baineadh amach don bhliain 2021. Is dearfach atá an bailiúchán foriomlán rátaí tráchtála don bhliain 2021 i bhfianaise na timpeallachta reatha ach ba cheart a thabhairt faoi deara go gceiltar é sin leis an gcistiú leanúnach ón rialtas láir don tarscaoileadh. Ina theannta sin, tá roinnt gnólachtaí ann a lean le híocaíocht a dhéanamh ar a gcuntas, cé go bhfuair siad an tarscaoileadh. Rannchuidigh sé sin lenár staid dhearfach bailiúcháin. Tá sé tábhachtach a chur in iúl gurb amhlaidh, maidir le caidreamh a dhéanamh an athuir lenár gcustaiméirí rátaí tráchtála nach raibh ag íoc a ndliteanas go gníomhach sa dá bhliain atá imithe thart, a bheidh sé sin ina dhúshlán agus go mbeidh an bhliain airgeadais 2022 ina riosca i bhfad níos mó don ioncam don chontae seo. Is maith is eol don Chomhairle na dúshláin dhiana atá os comhair roinnt gnólachtaí agus leanfaidh sí leis an mbeartas náisiúnta nó tacaí náisiúnta sa réimse seo a chur chun feidhme agus oibreoidh sí le custaiméirí chun teacht ar chomhaontú ar shocruithe íocaíochta a oireann dá ngnólachtaí. Tá a lán custaiméirí ann nach ndearna paidéim COVID-19 difear dá ngnó, agus leanfaidh an Chomhairle seo ar aghaidh ag obair leis na custaiméirí sin chun cabhrú leo a rátaí tráchtála a íoc. Maidir leis na próisis bhailiúcháin, lena n-áirítear imeachtaí dlí, nár scoireadh díobh, tá siad á gcur chun feidhme ar bhonn cás ar chás i gcás nach bhfuil aon chaidreamh fiúntach ann ar thaobh an chustaiméara.
- Tá an céatadán bailiúcháin do Chíosanna Tithíochta mar a bhí sé sa dá bhliain roimhe, agus é cothrom le 86%. Ba thoradh dearfach é sin i dtréimhse dhoiligh na paidéime agus i bhfianaise na srianta ar chustaiméirí tithíochta agus ar bhailitheoirí cíosa tithíochta caidreamh a dhéanamh ar bhealaí traidisiúnta. Lean riaráistí ar aghaidh ag méadú os cionn na bhfigiúirí sna blianta roimhe, áfach, agus caithfear an leibhéal sin, atá cothrom le €1.46m, a athbhreithniú agus caithfear aghaidh a thabhairt air i gcás nach bhfuil custaiméirí ag iarraidh

caidreamh a dhéanamh leis an gComhairle seo chun an cíós a ghearrtar ar aonad tithíochta a íoc.

- Tá na riaráistí ar aisíocaíochtaí iasachtaí tithíochta cothrom le €0.33m. Is ionann é sin agus méadú beag ar leibhéal na bliana 2020, a bhí cothrom le €0.31m. D'fhág sé sin gur fhan an príomhtháscaire feidhmíochta ag 78%. Tháinig an feabhas sa mhéadrach sin ó bhliain go bliain chun cinn mar thoradh ar an gcur chun feidhme leanúnach a rinneadh ar roghanna malartacha d'iasachtaithe mar chuid den Phróiseas Réitigh do Riaráistí Morgáiste (MARP). Is dearfach an rud é a lua nár tháinig an Chomhairle seo ar aon chustaiméirí a bheith ag titim i riaráistí sa tréimhse ón mbliain 2020 go dtí an bhliain 2021, agus foireann iasachtaí morgáiste na Comhairle ag leanúint le hobair i ndlúthchomhar le hiasachtaithe a raibh deacrachtaí acu, le comhaontuithe plean íocaíochta a aimsiú, le faireachán a dhéanamh ar chomhaontuithe agus le roghanna malartacha a fhiosrú.

#### 4. Cuntas Caipitil

Tá an ghníomhaíocht ar an gCuntas Caipitil don bhliain 2021 mionsonraithe i Nóta 11, in Aguisín 5 agus in Aguisín 6 a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Bliantúil seo. Is ionann an caiteachas sin agus an ghné de phleanáil, dearadh agus soláthar tionscadal ilbhliantúil don bhliain 2021. Tá sé sainaitheanta freisin laistigh díobh seo a leanas: Sócmhainní Seasta (Nóta 1); Obair idir Lámha (Nóta 3); agus Iarmhéideanna Eile (Nóta 10) sa chlár comhardaithe. Áirítear leis an ioncam atá tuairiscithe cistiú deontais a bhí dlite do Chomhairle Contae an Chláir i leith scéimeanna éagsúla deontas amhail an 31 Nollaig 2021.

Mar atá leagtha amach in Aguisín 6, b'ionann caiteachas don bhliain, lenar áiríodh aistrithe chuig ioncam, agus €78.4m. Tá sé sin cothrom le méadú 25% ar chaiteachas sa bhliain 2020 agus le méadú 80% ar chaiteachas ar leibhéal na bliana 2018 (€43.8m). Tugtar cuntas ar 84% den chaiteachas sin i dTithíocht (45%), i mBóithre (22%), in Athghiniúint Tuaithe agus Turasóireacht (16%). B'ionann ioncam iomlán, gan aistrithe ioncaim a áireamh, agus €76m, agus é comhdhéanta d'ioncam deontais, d'ioncam iasachta, d'aistrithe ón gcuntas ioncaim agus d'ioncam ilghnéitheach eile a chuimsíonn ranníocaíochtaí forbartha den chuid is mó. Tá easnamh ioncaim thar chaiteachas ann sa bhliain 2021, rud is féidir a chur síos go príomha do réadmhaoin a fháil sa bhliain reatha le haghaidh tionscadail sa todhchaí i gcás nár sainithníodh an cistiú (Réadmhaoin Bhaile Uí Mháille (€0.9m) agus Seanteach an Reachtaire i mBaile Uí Bheoláin (€1.5m)). Leantar le héadálacha réadmhaoine na mblianta roimhe a iompar mar iarmhéideanna neamhchistithe, agus beidh sé riachtanach aghaidh a thabhairt ar sholáthairtí buiséid chun na héadálacha sin a chistiú in éagmais cistiú deontais.


Léirítear sa tábla agus sa ghraf thíos an caiteachas ar thionscadail chaipitil sa dá bhliain atá caite agus tá na mionsonraí do na sé bliana atá imithe thart le feiceáil iontu.

Is fiú a lua gur lean an leibhéal caiteachais sa bhliain 2021 le bheith níos airde ná an leibhéal i mblianta roimhe agus léirítear ann gur leanadh leis na tionscadail chaipitil agus leis na hinfeistíochtaí caipitil sna blianta 2020 agus 2021 d'ainneoin na paidéime. Bhí an staid deiridh ar an gcuntas caipitil fós láidir ag deireadh na bliana 2021 in ainneoin na dtionscadal neamhchistithe dá dtagraítear thuas. Rud atá ailínithe



Tuarascáil ar Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2021

go díreach leis sin is ea leibhéal na bhFéichiúnaithe a bhí á iompar ag an gComhairle seo do thionscadail sa réimse seo amhail an 31 Nollaig 2021. Bhí thart ar €10m dlite don Chomhairle ón rialtas láir do thionscadail chaipitil, agus iad ag baint go príomha le forbairtí Caipitil Tithíochta.



**Tábla 6**

Clárghrúpa	Caiteachas Caipitil Iarbhír 2016	Caiteachas Caipitil Iarbhír 2017	Caiteachas Caipitil Iarbhír 2018	Caiteachas Caipitil Iarbhír 2019	Caiteachas Caipitil Iarbhír 2020	Caiteachas Caipitil Iarbhír 2021
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Tithíocht agus Foirgníocht	11,838	20,498	26,376	27,572	28,910	35,601
Iompar de Bhóthar agus Sábháilteacht ar Bhóithre	10,614	8,292	8,546	15,459	18,837	17,424
Soláthar Uisce agus Séarachas	537	643	945	293	728	1,335
Dreasachtaí agus Rialuithe Forbartha	3,413	2,746	2,625	3,594	6,352	12,406
Cosaint an Chomhshaoil	339	1,285	1,456	634	1,636	1,821
Áineas agus Taitneamhacht	1,188	1,420	2,269	2,413	2,831	6,480
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas	32	47	131	237	220	435
Seirbhísí Ilghnéitheacha	1,613	1,143	1,370	5,640	3,059	2,934
	<b>29,574</b>	<b>36,073</b>	<b>43,718</b>	<b>55,842</b>	<b>62,575</b>	<b>78,437</b>

Leis an Ráiteas Airgeadais Bliantúil seo, déantar socrú freisin do Bhilleáil, Bailiú agus Leithdháileadh Ranníocaíochtaí Forbartha ar thionscadail. Ar an iomlán, rinneadh €3.3m a bhilleáil agus a bhailiú sa bhliain 2021, agus leithdháiltí ann chun cistiú meaitseála a sholáthar le haghaidh oibreacha sráid-dreacha Baile agus Sráidbhaile agus le haghaidh oibreacha ríochta poiblí, cistiú do Leabharlann Inse, cistiú le haghaidh an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach do Ríocht Phoiblí Inse, agus cistiú a leithdháileadh le haghaidh Oiriúnú don Athrú Aeráide a sholáthar agus le haghaidh dul chun cinn a dhéanamh ar phointí luchtaithe feithiclí leictreacha ar fud an chontae.

## **Buíochas**

Is mian liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht agus cúnamh leantach a fuarthas ó Chomhaltaí Tofa Chomhairle Contae an Chláir sa bhliain 2021. Bhí paidéim COVID-19 ina dúshlán don Chomhairle seo fós sa bhliain 2021, agus í ag déanamh difear don dóigh ar idirghníomhaíomar, ar tháingamar le chéile agus ar sholáthraíomar seirbhísí agus forbairtí bonneagair. Is dearfach an rud é an athuair an toradh a bhí cothromaithe, tríd is tríd, sa bhliain agus an tionchar díreach a bhí ag an leanúint le tacaí ón rialtas láir a fheiceáil.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú buíochas a ghabháil le lucht bainistíochta agus foireann stiúrthóireachtaí uile na Comhairle seo as a gcuid comhair agus caidrimh sa bhliain 2021 agus iad ag leanúint le seirbhísí a sholáthar agus ag freagairt do na riachtanais shainaitheanta, le linn dóibh dul i dtaithí ar obair ar bhealach difriúil. Ba mhaith liom go háirithe aitheantas a thabhairt d'fhoireann na Rannóige Airgeadais as a cuid oibre maidir le sainaitheant a dhéanamh ar an tionchar géar atá ag paidéim COVID-19 ar airgeadas Chomhairle Contae an Chláir agus maidir le cistiú a aimsiú chun é sin a mhaolú.

Mar fhocal scoir, tá súil againn go mbeidh an éiginnteacht airgeadais imithe thart anois agus go mbeimid in ann filleadh ar na leibhéil ghníomhaíochta a chonacthas roimh phaindéim COVID-19. Is cinnte gur ann fós do dhúshlán agus do rioscaí dár bpobail ghnó agus oibreimid i ndlúthchomhar leo thar na míonna atá le teacht ina leith sin.



**Pat Dowling**

**Príomhfheidhmeannach**

**30/3/2022**

**Dáta**

<b>Tuarascáil ar an Sceideal Rátaí Neamhbhailithe don bhliain 2021</b>
--

De réir Airteagal 26(2) de na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Nósanna Imeachta Airgeadais agus Iniúchóireachta), 2014, leagtar amach sa mhéid seo a leanas an tuarascáil do chomhaltaí ina dtugtar breac-chuntas ar leibhéal na riaráistí rátaí tráchtála ag deireadh na bliana airgeadais 2021, rud ina dtaifeadtar céatadán bailiúcháin a bhí cothrom le 87% tar éis é a athshonrú i leith thionchar an tarscaoilte. Go bunúsach, meastar €8.70 as gach €10 a billeáladh a bheith bailithe. Tuairiscítear é sin freisin in Aguisín 7 a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Bliantúil agus léirítear ann go raibh laghdú €0.7m ann i méid na rátaí tráchtála a bhí amuigh ag deireadh na bliana.

Is dearfach an rud é a lua gurb amhlaidh, d'ainneoin an tionchair dhá mhí dhéag a bhí ag paindéim COVID-19 ar ghnólachtaí, atá an táscaire feidhmíochta bailiúcháin sin mar a bhí sé roimh an bpaindéim. Mar is eol duit, bhí tionchar suntasach ag an bpaindéim ar bhailiúchán rátaí sa bhliain 2021 an athuir. Athshainíodh an tarscaoileadh rialtais le haghaidh rátaí tráchtála ó thús na bliana 2021 i leith, agus líon níos ísle gnólachtaí ag leanúint le cáiliú le haghaidh an tarscaoilte rátaí tráchtála do na chéad trí ráithe den bhliain 2021, agus tugadh cur i bhfeidhm níos spriocdhírithé an tarscaoilte isteach sa ráithe dheiridh do na gnólachtaí fáilteachais, fóillíochta agus aerfoirt. Leis an leanúint le scéim an Tarscaoilte Rátaí Tráchtála, maolaíodh roinnt de na rioscaí sa bhailiúchán rátaí tráchtála don bhliain dar luach €11.6m agus bhí sí ina cuid lárnach thábhachtach den toradh a baineadh amach don bhliain 2021 sa mhéadrach bailiúcháin rátaí tráchtála.

Riaráistí Tosaigh an 1 Eanáir 2021	€ 11,577,540
Billí rátaí a eisíodh don bhliain 2021	€ 42,013,127
Méideanna a bailíodh, atá folamh nó a díscríobhadh	€ 31,107,910
Tarscaoileadh Rátaí Tráchtála, lena n-áirítear deontais COVID-19	€11,590,982
Rátaí neamhbhailithe an 31 Nollaig 2021	€ 10,891,784

Seo iad roinnt eochairphointí atá le tabhairt faoi deara:

- Tá 3784 chuntas ghníomhacha ann sa bhliain 2021. Bhí iarmhéideanna nialais nó sochair ag 60% díobh, nó ag 2264 chuntas custaiméara.
- Tá €6.8m de na riaráistí, nó 62%, dlite ón 150 custaiméir is mó (4% de chustaiméirí).
- Tá €0.5m ann san iarmhéid neamhbhailithe ag deireadh na bliana a bhaineann le cuntais atá faoi leachtú/faoi ghlacadóireacht nó le cuntais dhúnta. Tá iarmhéideanna a bhaineann le réadmhaoine folmha fadtéarmacha ar áireamh inár riaráistí deiridh freisin.
- Fuarthas €0.7m i ndáil le rátaí neamhbhailithe na mblianta roimhe idir mí Eanáir agus mí an Mhárta 2022.

Is dearfach atá an bailiúchán foriomlán rátaí tráchtála don bhliain 2021 i bhfianaise na timpeallachta reatha ach ba cheart a thabhairt faoi deara go gceiltear é sin leis an tarscaoileadh leanúnach a gcistíonn an rialtas láir é agus le híocaíochtaí a bheith á ndéanamh ar a gcuntas fós ag roinnt gnólachtaí, cé go bhfuair siad an tarscaoileadh. Tá sé tábhachtach a chur in iúl gurb amhlaidh, maidir le caidreamh a dhéanamh an athuair lenár gcustaiméirí rátaí nach raibh ag íoc a rátaí tráchtála go gníomhach sa dá bhliain atá imithe thart, a bheidh sé sin ina dhúshlán agus go mbeidh an bhliain airgeadais 2022 ina riosca i bhfad níos mó don ioncam don chontae seo. Is maith is eol don Chomhairle na dúshláin dhiana atá os comhair gnólachtaí agus leanfaidh sí leis an mbeartas náisiúnta nó tacaí náisiúnta sa réimse seo a chur chun feidhme agus oibreoidh sí le custaiméirí chun teacht ar chomhaontú ar shocruithe íocaíochta a oireann dá ngnólachtaí.

# Comhairle Contae an Chláir

## Deimhniú an Phríomhfheidhmeannaigh agus an Chinn Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

- 1.1 Is sinne, an Príomhfheidhmeannach agus an Ceann Airgeadais, atá freagrach as ráiteas airgeadais bliantúil a ullmhú de réir an chóid cleachtais cuntasaíochta arna eisiúint ag an Aire faoi alt 107 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.
- 1.2 Táimid freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád, ina nochtar le cruinneas réasúnach staid airgeadais an údaráis áitiúil agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais a ullmhaítear na ceanglais reachtúla.
- 1.3 Táimid freagrach as sócmhainní an údaráis áitiúil a chosaint agus as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.
- 1.4 Agus na ráitis airgeadais a n-ullmhú againn:
  - luamar gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir an Chóid Cleachtais Cuntasaíochta agus gur cuireadh na beartais chuntasaíochta i bhfeidhm go comhsheasmhach; agus,
  - rinneamar breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama;
- 1.5 Deimhnímid go bhfuil na ráitis airgeadais ó Chomhairle Contae an Chláir don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021, mar atá leagtha amach ar leathanaigh 28 - 57, ag teacht leis na leabhair chuntais agus gur ullmhaíodh iad de réir na gceanglas cuntasaíochta arna n-ordú ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.



---

**Príomhfheidhmeannach**

30/3/2022

**Dáta**



---

**Ceann Airgeadais**

30/3/2022

**Dáta**



## **Tuairim an Iniúchóra Neamhspleách do na Comhaltaí de Chomhairle Contae an Chláir**

Tá iniúchadh déanta agam ar an ráiteas airgeadais bliantúil ó Chomhairle Contae an Chláir don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021, mar atá leagtha amach ar leathanaigh 22 go 42, a chuimsíonn an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach, an Ráiteas faoin Staid Airgeadais, an Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí, agus na nótaí a ghabhann leis na cuntais agus ar cuid de na cuntais iad. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus an ráiteas á ullmhú ná an Cód Cleachtais agus na Rialacháin Chuntasaíochta arna bhforordú ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

### **Freagrachtaí na Comhairle agus an Iniúchóra Rialtais Áitiúil**

De réir alt 107 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, tá an Chomhairle freagrach as gach taifead cuntasaíochta a choimeád, lena n-áirítear an Ráiteas Airgeadais Bliantúil a ullmhú. Bunaithe ar m'iniúchadh, tá sé de fhreagracht orm teacht ar thuairim neamhspleách faoin ráiteas agus mo thuairim a thuairisciú daoibh.

### **Raon feidhme an iniúchta ar an ráiteas airgeadais**

Rinne mé m'iniúchadh de réir an Chóid Cleachtais Iniúchóireachta, mar a fhorordaítear faoi alt 117 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001. Áirítear le hiniúchadh scrúdú a dhéanamh, ar bhonn tástála, ar an bhfianaise is iomchuí maidir leis na méideanna agus na nochtaí atá sa ráiteas airgeadais bliantúil. Áirítear leis freisin measúnú a dhéanamh ar na meastacháin shuntasacha a rinneadh agus ar na breithiúnais shuntasacha a tugadh agus an ráiteas airgeadais á ullmhú agus ar cé acu atá nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'ímthosca na Comhairle, ar cé acu a cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus ar cé acu a nochtadh nó nár nochtadh go leordhóthanach iad.

Phleanáil mé m'iniúchadh agus rinne mé é ionas go bhfaighinn an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun leorfianaise a fháil lena dtabharfaí dearbhú réasúnach go bhfuil an ráiteas airgeadais bliantúil saor ó mhíríteas ábhartha, is cuma cé acu is calaois nó mírialtacht is cúis leis.

### **Tuairim ar an ráiteas airgeadais**

I mo thuairimse, cuirtear staid airgeadais Chomhairle Contae an Chláir amhail an 31 Nollaig 2021 agus a hioncam agus a caiteachas don bhliain dar críoch an dáta sin i láthair go cóir sa ráiteas airgeadais bliantúil, a ullmhaíodh de réir an Chóid Cleachtais agus na Rialachán Cuntasaíochta d'údaráis áitiúla.

### **Tuarascáil Iniúchóra Reachtúil**

D'ullmhaigh mé tuarascáil iniúchóra ghaolmhar freisin amhail dá bhforáiltear in alt 120(1)(c) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.



Jo-Anne Greene  
Iniúchóir Rialtais Áitiúil  
28/10/2022





# RÁITEAS FAOI BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

## 1. Ginearálta

Ullmhaíodh na cuntais de réir an Chóid Cleachtais Cuntasaíochta maidir le cuntasaíocht údaráis áitiúil arna athbhreithniú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an 31 Nollaig 2021. Ní mór neamhchomhlíonadh na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha amach sa Chód a lua sna Beartais agus sna Nótaí a ghabhann leis na Cuntais.

## 2. Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí (Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí)

Tugadh Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí isteach mar chuid den Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain 2011. Cé gur leanadh an treoir atá i gCaighdeán Cuntasaíochta Idirnáisiúnta 7 maidir leis an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, is mór idir an gnó a sheolann údaráis áitiúla agus é sin a sheolann an chuid is mó d'eagraíochtaí san earnáil phríobháideach. Dá bhrí sin, comhaontaíodh roinnt mionathruithe ar an bhformáid chun a chinntiú gur fiúntach agus úsáideach laistigh den earnáil rialtais áitiúil atá na sonraí a thaispeántar. Ar an gcúis sin, gairtear 'Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí' den ráiteas sin. Áirítear leis na cuntais airgeadais anois Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí, rud a léirítear i ndiaidh an Ráitis faoin Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe). Baineann Nótaí 17 - 22 leis an Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí, agus léirítear iad sa rannán 'Nótaí a ghabhann leis na Cuntais agus ar cuid de na Cuntais iad' den Ráiteas Airgeadais Bliantúil. Mionsonraítear i Nóta 19 iarmhéideanna Tionscadail/Neamhthionscadail/Tithíochta Deonaí agus Inacmhainne, ar féidir leo a bheith ina n-iarmhéideanna dochair nó ina n-iarmhéideanna sochair. Sa sreabhadh cistí, déantar talamh slán de gur iarmhéideanna dochair iad sin, agus is air sin a bhunaítear an tuairisc (Méadú)/Laghdú.

## 3. Fabhruithe

Ullmhaíodh na cuntais ioncaim agus chaipitil ar bhonn fabhruithe de réir an Chóid Cleachtais Cuntasaíochta.

Ag deireadh na bliana airgeadais, is ionann féichiúnaithe agus ioncam atá dlite ach nach bhfuil faighte go fóill. Aithnítear ioncam ó mhuirir dhóiteáin agus ioncam ilghnéitheach sna cuntais bunaithe ar na méideanna a fuarthas le linn na tréimhse.

## 4. Muirir Úis

Is féidir iasachtaí is iníochta a roinnt ina dhá gcatagóir mar a leanas:

- Iasachtaí morgáiste
- Iasachtaí nach iasachtaí morgáiste

### 4.1 Iasachtaí Morgáiste

Tá sruth comhfhreagrach ioncaim ó airleacain fhadtéarmacha (i.e., airgead a thugann údaráis áitiúla ar iasacht d'iasachtaithe) chun tithe a cheannach ag gabháil le hiasachtaí morgáiste. Ní dhéantar ach an ghné úis a ghearradh ar an Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais) nó a chur chun sochair dó. Is ar iasachtaí a thagann faoin gceannteideal seo a bheidh luach comhfhreagrach i Nóta 3 Féichiúnaithe Fadtéarmacha.

## **4.2 Iasachtaí nach Iasachtaí Morgáiste**

Leagtar amach i Nóta 7 a ghabhann leis na cuntais na cineálacha iasachtaí a thagann faoin gceannteideal seo. Ní bheidh sruth comhfhreagrach ioncaim ag gabháil le hiasachtaí a bhaineann le sócmhainní/deontais nó le cistiú ioncaim. Éireoidh maoiniú idirlinne ina chuid de chistiú buan ar deireadh. Is ar iasachtaí a thagann faoi na ceanteidil eile a bheidh luach comhfhreagrach i Nóta 3.

## **5. Pinsin**

Gearrtar íocaíochtaí i leith pinsean agus aiscí ar an gcuntas ioncaim sa tréimhse chuntasaíochta ina dtagann an dliteanas chun cinn. Áirítear leis an gcostas ar thuarastail agus pá sna cuntais asbhaintí a bhaineann le ranníocaíochtaí pinsin (lena n-áirítear pinsin do Bhaintreacha agus do Dhílleachtaithe) faoin Scéim Aoisliúntais Rialtais Áitiúil agus faoin Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair. Tháinig an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("an Scéim Aonair") i bhfeidhm an 1 Eanáir 2013. Cé go leanann údaráis áitiúla le ranníocaíochtaí fostaithe i leith na Scéime Aonair a asbhaint, cuirtear iad ar aghaidh go lárnach chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Leantar le breithniú a dhéanamh ar cheanglais na gcaighdeán cuntasaíochta reatha a bhaineann le pinsin agus sochair fostaithe agus lena gcur i bhfeidhm i gcás údaráis áitiúla.

## **6. Seirbhísí Gníomhaireachta agus Seirbhísí Eile**

Maidir le caiteachas ar sheirbhísí a sholáthraítear nó a chuirtear i gcrích thar ceann údaráis áitiúla eile, forchúitítear é de réir a chostais nó de réir comhaontuithe sonracha.

## **7. Soláthar in aghaidh Drochfhiach agus Fiacha Amhrasacha**

Rinneadh sna cuntais iomchuí soláthar in aghaidh drochfhiach agus fiacha amhrasacha.

## **8. Sócmhainní Seasta**

### **8.1 Aicmiú Sócmhainní**

Aicmítear sócmhainní seasta ina gcatagóirí, mar atá leagtha amach sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe). Tá miondealú eile de réir cineál sócmhainne leagtha amach i nóta 1 a ghabhann leis na cuntais.

### **8.2 Aithint**

Is ar bhonn fabhrúithe a chaipitlítear an caiteachas ar fad ar shócmhainní seasta a cheannach nó a thógáil.

### **8.3 Tomhas**

Cuireadh Ráiteas faoin Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) ina bhfuil sócmhainní uile an údaráis áitiúil ar áireamh sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil den chéad uair sa bhliain 2003. Luacháladh na sócmhainní sin bunaithe ar an 'Treoirlíne Luachála' arna heisiúint ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Ba de réir costas stairiúil a cuireadh gach sócmhainn a ceannaíodh nó a tógadh ón 1/1/2004 i leith ar áireamh. Cuireadh an talamh a aistríodh ó Obair idir Lámha ar áireamh bunaithe ar a luach tráth an aistrithe. Ní thagann aon bhreiseanna sócmhainní seasta as an gcaiteachas a thabhaítear ar chláir chothabhála sócmhainní amhail stoc tithíochta nó cóiriú dromchla agus forleagan i gcás bóithre. Tá beartais chuntasaíochta a bhaineann le léasanna á gcur le chéile faoi láthair, agus léireofar iad sna ráitis airgeadais tráth éigin sa todhcháil.

## 8.4 Athluacháil

Mar atá leagtha amach in athbhreithniú ar an gCód Cleachtais Cuntasaíochta, is é an beartas a ghlactar ná sócmhainní seasta a léiriú de réir a gcostais. Ní chuirtear costais chothabhála agus bhreithe a bhaineann le sócmhainní Bonneagair ar áireamh i sócmhainní seasta faoi láthair, ach déanfar athbhreithniú air sin tráth éigin sa todhcháil. Mar gheall ar a gcineál fisiciúil, is uathúil d'údaráis áitiúla atá formhór mór na sócmhainní agus níl siad faoi réir diúscartha. Maidir le haon chaillteanas nó aon ghnóthachan a bhaineann le glanluach inréadaithe na sócmhainní ginearálta eile atá faoi réir diúscartha, tugtar cuntas air tráth na diúscartha.

## 8.5 Diúscairtí

Maidir le sócmhainní indiúscartha, cuirtear ioncam chun sochair do chúlchiste sonrath agus is gnách go n-úsáidtear é chun sócmhainní nua a cheannach. Tá fáltais ó thithe údaráis áitiúil a dhíol le húsáid de réir mar a ordáionn an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

## 8.6 Dímhneas

Faoin modh reatha cuntasaíochta, déantar an muirear dímhneas a fhritháireamh trí fhoinse cistiúcháin na sócmhainne a amúchadh. Tá tionchar neodrach ag an modh sin ar Ioncam agus Caiteachas. Dá réir sin, ní chuirtear an muirear dímhneas ná an sochar comhfhreagrach ó amúchadh ar áireamh sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais).

Is mar a leanas atá na beartais a chuirtear i bhfeidhm i leith sócmhainní atá faoi réir dímhneas:

Cineál Sócmhainne	Bunús	Ráta Dímhneas
Gléasra agus Innealra		
- Fadsaoil	Méid Cothrom	10%
- Gearrshaoil	Méid Cothrom	20%
Trealamh	Méid Cothrom	20%
Troscán	Méid Cothrom	20%
Sócmhainní Oidhreachta		Nialas
Leabhair Leabharlainne		Nialas
Clóis Súgartha	Méid Cothrom	20%
Páirceanna	Méid Cothrom	2%

Ní ghearrann an Chomhairle dímhneas i mbliain na diúscartha, agus gearrfaidh sí dímhneas bliana iomláine i mbliain na fála.

## **9. Deontais Rialtais**

Is ar bhonn fabhrúithe a thugtar cuntas ar dheontais rialtais. Cuirtear aon deontais a fhaightear chun gnáthoibríochtaí laethúla a chumhdach chun sochair don Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais). Maidir le deontais a fhaightear i leith sócmhainní a thógáil, léirítear iad mar chuid den ioncam ó obair idir lámha. Aistrítear an t-ioncam chuig cuntas caipitlithe tráth chríochnú an tionscadail.

## **10. Féichiúnaithe agus Ioncam Ranníocaíochtaí Forbartha**

Cuirtear féichiúnaithe gearrthéarmacha ranníocaíochtaí forbartha ar áireamh i nóta 5 den Ráiteas Airgeadais Bliantúil. Maidir le hioncam ó ranníocaíochtaí forbartha nach bhfuil le hóc laistigh den bhliain reatha, iarchuirtear é agus ní nochtar ar leithligh é sna ráitis airgeadais.

## **11. Fuascailt Fiach**

Cuirtear na fáltais ó luathfhuascailt iasachtaí ag iasachtaithe i bhfeidhm i leith iasachtaí morgáiste ón nGníomhaireacht Airgeadais Tithíochta a fhuascailt.

## **12. Scéimeanna Léasa**

Is ar an Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais) a ghearrtar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin. Cuirtear sócmhainní a fhaightear faoi léas airgeadais ar áireamh i sócmhainní seasta. Maidir leis an méid atá dlite ar iarmhéideanna atá amuigh, léirítear é faoi dhliteanais reatha agus faoi chreidiúnaithe fadtéarmacha.

## **13. Stoc**

Is ar bhonn meánchostais a luacháiltear stoic.

## **14. Obair idir Lámha agus Réamhchaiteachas**

Is é atá in obair idir lámha agus réamhchaiteachas ná costas stairiúil carntha na dtionscadal éagsúil caipitil. Is mar 'Obair idir Lámha – Ioncam' a léirítear an t-ioncam a fhabhraítear i leith na dtionscadal sin sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe).

## **15. Leas i gCuideachtaí Údaráis Áitiúil**

Liostaítear in Aguisín 8 an leas atá ag Comhairle Contae an Chláir i gcuideachtaí. Níltear ag cur luach anonn na scairsheilbhe ar áireamh i Nóta 3 a thuilleadh (ón mbliain 2021 i leith) toisc nach meastar an luach a bheith ábhartha.

## 16. Páirtithe Gaolmhara

Is é is idirbheart páirtí ghaolmhair ann ná aistriú acmhainní, seirbhísí nó oibleagáidí idir an t-údarás áitiúil agus páirtí gaolmhar. Áirítear iad seo a leanas leis na príomhpháirtithe gaolmhara atá ag údarás áitiúil:

- i. Bainisteoirí agus Pearsanra
- ii. Comhaltaí Comhairle
- iii. Ranna Rialtais
- iv. Cuideachtaí Údaráis Áitiúil

Faoi na hailt iomchuí den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, agus faoin reachtaíocht leasaitheach ina dhiaidh sin, ceanglaítear ar chomhaltaí comhairle agus príomhphearsanra Údaráis Áitiúil na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- a. an dearbhú bliantúil 'leasanna indearbhairthe' atá leagtha amach in alt 175 den Acht a thabhairt;
- b. aon leasanna tairbhiúla atá acu féin nó ag duine bainteach a nochtadh faoi ailt 167, 178 agus 179; agus
- c. cloí leis an gcód iompair arna eisiúint ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta sa bhliain 2004 faoi alt 169 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001. Cumhdaíonn 'leasanna indearbhairthe' leasanna airgeadais agus leasanna áirithe eile, amhail talamh etc., araon.

Is í an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a chinneann tuarastal agus luach saothair bainisteoirí agus pearsanra údaráis áitiúil ar aon dul leis an mbeartas rialtais láir maidir le rátaí pá.

Nochtar leasanna Údaráis Áitiúil i gcuideachtaí agus i gcomhfhiontair in Aguisín 8 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais Bhliantúla.

## 17. Teagmhais

Is ann do roinnt eastát tithíochta neamhchríochnaithe sa chontae ar féidir go nglacfaidh an Chomhairle faoi chúram iad in am trátha. Is féidir go dtiocfaidh as sin costais a bheidh le híoc ag an gComhairle i gcás nach mbeidh aon pháirtí eile ar fáil chun na hoibreacha is gá a chistiú.

San am i láthair, tá an Chomhairle páirteach in imscrúduithe comhshaoil a bhaineann le diúscairt neamhúdaraithe dramhábhar. Tá soláthar déanta sna cuntais seo do na costais a tabhaíodh go dtí seo ina leith sin, agus soláthar déanta freisin do chostais a thabharfaidh sa todhchá. Níor comhaontaíodh cineál aon ghníomhartha atá le déanamh de bhun na n-imscrúduithe a rinneadh. Ag brath ar na gníomhartha a bheidh ag teastáil, is féidir go mbeidh sé riachtanach in am trátha tuilleadh soláthairtí a dhéanamh do chostais amach anseo.

Tá an Chomhairle i mbun roinnt gníomhartha dlíthiúla a chosaint faoi láthair. Maidir leis an gcostas a bhaineann leis na gníomhartha sin a chosaint, fabhraítear iad chun dul chun cinn na n-imeachtaí go dtí seo a léiriú. Más rud é nach n-éireoidh leis an gComhairle aon cheann de na gníomhartha sin a chosaint, is féidir go dtiocfaidh costais bhreise chun cinn ag brath ar an mbreith ó na cúirteanna i ngach cás ar leith.



# **CUNTAIS AIRGEADAIS**





RÁITEAS FAOI IONCAM CUIMSITHEACH (RÁITEAS FAOIN gCUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS)

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021

Tugtar an t-ioncam agus an caiteachas ar fad a bhaineann le hioncam le chéile sa Ráiteas Cuntais Ioncaim agus Caiteachais.

Léirítear ann an barrachas/(an t-easnamh) don bhliain.

I Nóta 16, leithdháiltear aistrihe de réir an rannáin seirbhísí san fhormaid chéanna agus a dhéantar i dTábla A de bhuiséad glactha an Údarás Áitiúil.

Caiteachas de réir Rannáin	Nóta	Ollchaiteachas	Ioncam	Glanchaiteachas	Glanchaiteachas
		2021 €	2021 €	2021 €	2020 €
Tithíocht agus Foirgníocht		23,150,849	22,020,978	1,129,871	(435,569)
Iompar de Bhóthar agus Sábháilteacht ar Bhóithre		36,806,148	26,879,935	9,926,213	10,624,775
Seirbhísí Uisce		12,630,776	12,679,151	(48,376)	(42,968)
Bainistíocht Forbartha		17,087,982	9,213,348	7,874,634	8,374,438
Seirbhísí Comhshaoil		14,368,324	2,522,027	11,846,297	11,781,930
Áineas agus Taitneamhacht		10,938,404	1,111,791	9,826,613	8,762,369
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas		629,139	330,042	299,097	305,614
Seirbhísí Ilghnéitheacha		19,520,413	22,519,887	(2,999,474)	842,650
<b>Caiteachas/Ioncam Iomlán</b>	<b>15</b>	<b>135,132,035</b>	<b>97,277,160</b>		
Glanchoistas na Rannán a chisteofar ó Rátaí agus ón gCáin Mhaoine Áitiúil				37,854,875	40,213,237
Rátaí				41,992,256	44,715,390
Cáin Mhaoine Áitiúil				7,984,029	7,973,216
<b>Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistriú</b>				<b>12,121,410</b>	<b>12,475,369</b>
<b>Aistrihe ón/(chuig an) gCúlchiste</b>	<b>14</b>			<b>(11,948,956)</b>	<b>(12,214,535)</b>
<b>Barrachas/(Easnamh) Foriomlán don Bhliain</b>	<b>16</b>			<b>172,454</b>	<b>260,834</b>
<b>An Cúlchiste Ginearálta ag an 1 Eanáir</b>				<b>2,733,562</b>	<b>2,472,728</b>
<b>An Cúlchiste Ginearálta ag an 31 Nollaig</b>				<b>2,906,016</b>	<b>2,733,562</b>

RÁITEAS FAOIN STAID AIRGEADAIS (CLÁR COMHARDAITHE) AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2021

	Nótaí	2021	2020
		€	€
<b>Sócmhainní Seasta</b>	1		
Oibríochtúil		506,792,706	474,791,999
Bonneagar		2,259,403,773	2,259,403,773
Pobal		1,065,201	1,065,201
Neamhoibríochtúil		46,698,108	46,698,108
		<b>2,813,959,788</b>	<b>2,781,959,082</b>
<b>Obair idir Lámha agus Réamhchaitheachais</b>	2	<b>60,946,080</b>	<b>42,169,481</b>
<b>Féichiúnaithe Fadtéarmacha</b>	3	<b>32,556,030</b>	<b>22,622,220</b>
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Stoc	4	53,021	43,983
Féichiúnaithe Trádála agus Réamhíocaíochtaí	5	23,364,999	28,761,732
Infheistíochtaí Baine		48,385,490	40,748,243
Airgead Tirim sa Bhanc		4,405,095	5,413,524
Airgead Tirim faoi Bhealach		28,182	28,307
		<b>76,236,786</b>	<b>74,995,789</b>
<b>Dlíteanais Reatha</b>			
Rótharraingt Bhaine		-	-
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	6	43,519,965	41,595,342
Léasanna Airgeadais		-	-
		<b>43,519,965</b>	<b>41,595,342</b>
<b>Glansócmhainní Reatha/(Glandlíteanais Reatha)</b>		<b>32,716,821</b>	<b>33,400,447</b>
<b>Creidiúnaithe (Méideanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)</b>			
Iasachtaí is Iníochta	7	77,388,307	76,251,151
Léasanna Airgeadais		-	-
Taiscí In-aisíochta	8	5,706,542	5,069,316
Eile		9,840,575	-
		<b>92,935,424</b>	<b>81,320,467</b>
<b>Glansócmhainní/(Glandlíteanais)</b>		<b>2,847,243,295</b>	<b>2,798,830,763</b>
<b>Arna léiriú ag</b>			
Caipitliú	9	2,813,959,788	2,781,959,082
Obair idir Lámha – Ioncam	2	59,425,456	41,645,759
Cúlchiste Ginearálta Ioncaim		2,906,016	2,733,562
Cúlchistí Sonracha Eile		-	-
Iarmhéideanna Eile	10	(29,047,965)	(27,507,640)
**Ioncam Neamh-leithdháilte le Glanadh**		-	-
<b>Cúlchistí Iomlána</b>		<b>2,847,243,295</b>	<b>2,798,830,762</b>

RÁITEAS FAOI SHREABHADH CISTÍ (RÁITEAS FAOI SHREABHADH CISTÍ)

AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2021

		2021	2021
	Nóta	€	€
<b>GNÍOMHAÍOCHTAÍ IONCAIM</b>			
Glan-insreabhadh/(Glan-eis-sreabhadh) ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	17		7,484,772
<b>GNÍOMHAÍOCHTAÍ CAIPITIL</b>			
<b>Torthaí ar Infheistíocht agus Fónamh Maoiniúcháin</b>			
Méadú/(Laghdú) i gCistiú Caipitilthe Sócmhainní Seasta		32,000,707	
Méadú/(Laghdú) in Obair idir Lámha/Réamhchistiú		17,779,697	
Méadú/(Laghdú) in Iarmhéideanna Cúlchistí	18	3,883,618	
<b>Glan-insreabhadh/(Glan-eis-sreabhadh) ó Thorthaí ar Infheistíocht agus Fónamh Maoiniúcháin</b>			<b>53,664,022</b>
<b>Caiteachas Caipitil agus Infheistíocht Airgeadais</b>			
(Méadú)/Laghdú i Sócmhainní Seasta		(32,000,707)	
(Méadú)/Laghdú in Obair idir Lámha/Réamhchistiú		(18,776,599)	
(Méadú)/Laghdú in Iarmhéideanna Caipitil Eile	19	(5,417,460)	
<b>Glan-insreabhadh/(Glan-eis-sreabhadh) ó Chaiteachas Caipitil agus Infheistíocht Airgeadais</b>			<b>(56,194,766)</b>
<b>Maoiniú</b>			
Méadú/(Laghdú) i Maoiniú Iasachtaí agus Léasanna	20	1,043,921	
(Méadú)/Laghdú i Maoiniú Cúlchistí	21	(6,483)	
<b>Glan-insreabhadh/(Glan-eis-sreabhadh) ó Ghníomhaíochtaí</b>			<b>1,037,438</b>
<b>Sealúchais Tríú Páirtí</b>			
Méadú/(Laghdú) in Éarlaisí In-aisíoctha			637,227
<b>Glanmhéadú/(Glanlaghdú) in Airgead Tirim agus i gCoibhéisí Airgid Thirim</b>	22		<b>6,628,692</b>

# 1. Sócmhainní Seasta

	Talamh	Páirceanna	Tithíocht	Foirgnimh	Gléasra agus Innealra (Fadsaoil agus Gearrshaoil)	Ríomhairí, Troscán agus Trealamh	Oidhreacht	Bóithre agus Bonneagar	Líonra Uisce agus Séarachais	Iomlán
	€									
<b>Costais</b>										
Costais Charntha ag an 1 Eanáir	57,607,204	7,243,282	319,950,791	142,562,225	14,906,349	3,443,350	902,201	2,254,828,947	-	2,801,444,349
Breiseanna - a ceannaíodh	213,750	1,669,937	25,045,990	2,424,297	842,190	346,610	-	-	-	30,542,774
Breiseanna - Aistriú in Obair idir Lámha	187,110	-	924,286	1,890,513	-	-	-	-	-	3,001,909
Diúscairtí/Aistrithe Reachtúla	(66,780)	-	(759,665)	-	-	-	-	-	-	(826,445)
Athluacháil	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Coigeartuithe Costas Stairiúil	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
<b>Costais Charntha ag an 31/12/2021</b>	<b>57,941,284</b>	<b>8,913,219</b>	<b>345,161,402</b>	<b>146,877,034</b>	<b>15,748,539</b>	<b>3,789,960</b>	<b>902,201</b>	<b>2,254,828,947</b>	<b>-</b>	<b>2,834,162,587</b>
<b>Dímheas</b>										
Dímheas Carntha ag an 1 Eanáir	-	3,448,912	-	-	12,708,407	3,327,949	-	-	-	19,485,267
Soláthar don bhliain	-	227,727	-	-	448,373	41,431	-	-	-	717,532
Diúscairtí/Aistrithe Reachtúla	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
<b>Dímheas Carntha ag an 31/12/2021</b>	<b>-</b>	<b>3,676,639</b>	<b>-</b>	<b>-</b>	<b>13,156,780</b>	<b>3,369,380</b>	<b>-</b>	<b>-</b>	<b>-</b>	<b>20,202,799</b>
<b>Glanluach Leabhar ag an 31/12/2021</b>	<b>57,941,284</b>	<b>5,236,580</b>	<b>345,161,402</b>	<b>146,877,034</b>	<b>2,591,759</b>	<b>420,580</b>	<b>902,201</b>	<b>2,254,828,947</b>	<b>-</b>	<b>2,813,959,788</b>
Glanluach Leabhar ag an 31/12/2020	57,607,204	3,794,370	319,950,791	142,562,225	2,197,943	115,401	902,201	2,254,828,947	-	2,781,959,082
<b>Glanluach Leabhar de réir Catagóire</b>										
Oibríochtúil	6,867,850	5,236,580	345,161,402	146,514,534	2,591,759	420,580	-	-	-	506,792,706
Bonneagar	4,574,826	-	-	-	-	-	-	2,254,828,947	-	2,259,403,773
Pobal	163,000	-	-	-	-	-	902,201	-	-	1,065,201
Neamhoibríochtúil	46,335,608	-	-	362,500	-	-	-	-	-	46,698,108
<b>Glanluach Leabhar ag an 31/12/2021</b>	<b>57,941,284</b>	<b>5,236,580</b>	<b>345,161,402</b>	<b>146,877,034</b>	<b>2,591,759</b>	<b>420,580</b>	<b>902,201</b>	<b>2,254,828,947</b>	<b>-</b>	<b>2,813,959,788</b>

## 2. Obair idir Lámha agus Réamhchaiteachais

Is mar a leanas atá achoimre ar obair idir lámha agus réamhchaiteachais de réir na catagóire sócmhainne:

	<b>Cistithe</b>	<b>Neamh-chistithe</b>	<b>Iomlán</b>	<b>Iomlán</b>
	<b>2021</b>	<b>2021</b>	<b>2021</b>	<b>2020</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>
<b><u>Caiteachas</u></b>				
Réamhchaiteachais	29,745,254	3,552,734	33,297,989	26,961,967
Obair idir Lámha	27,648,091	-	27,648,091	15,207,514
<b>Caiteachas Iomlán</b>	<b>57,393,345</b>	<b>3,552,734</b>	<b>60,946,080</b>	<b>42,169,481</b>
<b><u>Ioncam</u></b>				
Réamhchaiteachais	30,366,007	1,045,190	31,411,197	25,601,224
Obair idir Lámha	28,014,259	-	28,014,259	16,044,535
<b>Ioncam Iomlán</b>	<b>58,380,266</b>	<b>1,045,190</b>	<b>59,425,456</b>	<b>41,645,759</b>
<b><u>Glanmhéid a Caitheadh</u></b>				
Obair idir Lámha	(366,167)	-	(366,167)	(837,021)
Réamhchaiteachais	(620,753)	2,507,544	1,886,791	1,360,743
<b>Glan-róchaiteachas/ (Glan-tearcchaiteachas)</b>	<b>(986,920)</b>	<b>2,507,544</b>	<b>1,520,624</b>	<b>523,722</b>

### 3. Féichiúnaithe Fadtéarmacha

Is mar a leanas atá miondealú ar fhéichiúnaithe fadtéarmacha:

	2021	2021	2021	2021	2021	2021	2020
	Iarmhaid ag an 01/01/2021	Iasachtaí a Eisiódh	Tráthchodanna	Luath-fhuascailtí	Coigeartui the Eile	Iarmhaid ag an 31/12/2021	Iarmhaid ag an 31/12/2020
	€	€	€	€	€	€	€
Airleacain Mhorgáiste Fhadtéarmacha *	13,056,295	1,293,084	(774,829)	(151,051)	(11,080)	13,412,418	13,056,295
Airleacain i leith Ceannach ag Tionóntaí	-	-	-	-	-	-	-
Cothromas ar Cíos i leith Úinéireacht Chomhroinnte	2,679,430	-	-	(137,910)	(34,439)	2,507,081	2,679,430
	15,735,725	1,293,084	(774,829)	(288,961)	(45,519)	15,919,499	15,735,725
Airleacain Iasachta In-fhorchúitithe						8,332,044	8,341,605
Saoráid Léasúcháin Airleacan Caipitil						9,840,575	-
Infheistíochtaí Fadtéarmacha - Airgead Tirim						-	-
Infheistíochtaí Fadtéarmacha - Cuideachtaí Comhlachaithe						-	158,844
Eile						100,128	128
						34,192,246	24,236,301
Lúide: An Cion Reatha d'Fhéichiúnaithe Fadtéarmacha (Nóta 5)						(1,636,216)	(1,614,081)
<b>Méideanna iomlána a bheidh dlite tar éis bliain amháin</b>						<b>32,556,030</b>	<b>22,622,220</b>

\* Áirítear leis iasachtaí ón nGníomhaireacht Airgeadais Tithíochta (HFA)

## 4. Stoic

Is mar a leanas atá achoimre ar stoc:

	2021	2020
	€	€
Stórtha Lárnacha	-	-
Iostaí Eile	53,021	43,983
<b>Iomlán</b>	<b>53,021</b>	<b>43,983</b>

## 5. Féichiúnaithe Trádála agus Réamhíocaíochtaí

Is mar a leanas atá miondealú ar fhéichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí:

	2021	2020
	€	€
Féichiúnaithe Rialtais	16,696,350	22,871,220
Féichiúnaithe Tráchtála	13,759,960	13,735,290
Féichiúnaithe Neamhtráchtála	1,814,394	1,771,089
Féichiúnaithe Ranníocaíochtaí Forbartha	3,466,405	3,282,173
Seirbhísí Eile	1,242,843	923,992
Údaráis Áitiúla Eile	117,010	182,304
Na Coimisinéirí Ioncaim	-	-
Eile	-	-
An Cion Reatha d'Fhéichiúnaithe Fadtéarmacha (Nóta 3)	1,636,216	1,614,081
<b>Iomlán na nOllfhéichiúnaithe</b>	<b>38,733,178</b>	<b>44,380,150</b>
Lúide: Soláthar in aghaidh Fiacha Amhrasacha	(15,799,439)	(16,338,129)
<b>Iomlán na bhFéichiúnaithe Trádála</b>	<b>22,933,738</b>	<b>28,042,020</b>
Réamhíocaíochtaí	431,261	719,711
<b>Iomlán</b>	<b>23,364,999</b>	<b>28,761,732</b>

## 6. Creidiúnaithe agus Fabhruithe

Is mar a leanas atá miondealú ar chreidiúnaithe agus fabhruithe:

	2021	2020
	€	€
Creidiúnaithe Trádála	3,932,016	1,586,549
Deontais	42,817	187,115
Na Coimisinéirí Ioncaim	3,538,267	3,693,779
Údaráis Áitiúla Eile	1,980,228	1,814,468
Creidiúnaithe Eile	395,883	426,952
	<b>9,889,211</b>	<b>7,708,864</b>
Fabhruithe	9,062,417	10,288,865
Ioncam Iarchurtha	18,486,918	17,111,855
Móide: An Cion Reatha d'Iasachtaí is Iníoctha (Nóta 7)	6,081,420	6,485,758
<b>Iomlán</b>	<b>43,519,965</b>	<b>41,595,342</b>

## 7. Iasachtaí is Iníoctha

(a) Gluaiseacht in Iasachtaí is Iníoctha	2021 HFA €	2021 OPW €	2021 Eile €	2021 Iomlán €	2020 Iomlán €
Iarmhéid Tosaigh	50,775,911	-	31,960,998	82,736,909	83,988,266
Iasachtaí	9,255,034	-	-	9,255,034	5,845,272
Aisíocaíocht na Príomhshuime	(2,588,590)	-	(3,959,253)	(6,547,843)	(6,326,483)
Luathfhuascailtí	(2,000,000)	-	-	(2,000,000)	(807,800)
Coigeartuithe Eile	25,627	-	-	25,627	37,655
	<b>55,467,982</b>	<b>-</b>	<b>28,001,745</b>	<b>83,469,727</b>	<b>82,736,909</b>
Lúide: An Cion Reatha d'Iasachtaí is Iníoctha				6,081,420	6,485,758
<b>Méideanna iomlána a bheidh dlite tar éis bliain amháin</b>				<b>77,388,307</b>	<b>76,251,151</b>

### (b) Cur i bhFeidhm Iasachtaí

Is mar a leanas atá anailís ar iasachtaí is iníoctha:

#### Morgáiste

Iasachtaí Morgáiste *	13,198,857	-	-	13,198,857	12,933,193
-----------------------	------------	---	---	------------	------------

#### Iasachtaí nach Iasachtaí Morgáiste

Sócmhainní/Deontais	31,511,473	-	26,897,552	58,409,025	58,106,269
---------------------	------------	---	------------	------------	------------

Cistiú Ioncaim	-	-	898,041	898,041	1,353,157
----------------	---	---	---------	---------	-----------

Maoiniú Idirlinne	-	-	-	-	-
-------------------	---	---	---	---	---

In-fhorchúitithe	8,125,891	-	206,153	8,332,044	7,591,605
------------------	-----------	---	---------	-----------	-----------

Cothromas ar Cíos i leith Úinéireacht Chomhroinnte	2,631,761	-	-	2,631,761	2,752,685
--	-----------	---	---	-----------	-----------

<b>Iarmhéid ag an 31 Nollaig</b>	<b>55,467,982</b>	<b>-</b>	<b>28,001,745</b>	<b>83,469,727</b>	<b>82,736,909</b>
----------------------------------	-------------------	----------	-------------------	-------------------	-------------------

Lúide: An Cion Reatha d'Iasachtaí is Iníoctha				6,081,420	6,485,758
---	--	--	--	-----------	-----------

<b>Méideanna iomlána a bheidh dlite tar éis bliain amháin</b>				<b>77,388,307</b>	<b>76,251,151</b>
---	--	--	--	-------------------	-------------------

\* Áirítear leis iasachtaí ón nGníomhaireacht Airgeadais Tithíochta (HFA)

## 8. Taiscí Inaisíoctha

Is mar a leanas atá an ghluaiseacht in éarlaisí in-aisíoctha:

	2021 €	2020 €
Iarmhéid Tosaigh ag an 1 Eanáir	5,069,316	5,160,412
Éarlaisí a fuarthas	772,286	658,915
Éarlaisí a aisíocadh	(135,060)	(750,012)
<b>Iarmhéid Deiridh ag an 31 Nollaig</b>	<b>5,706,542</b>	<b>5,069,316</b>

Tabhair faoi deara: Tá Éarlaisí In-aisíoctha Gearrthéarmacha ar áireamh mar chuid d'Infheistíochtaí Airgid Thirim ar an gClár Comhardaithe



## 9. Cuntas Caipitlithe

Léirítear sa chuntas caipitlithe go bhfuil cistiú na sócmhainní mar a leanas:

	2021	2021	2021	2021	2021	2021	2021	2020
	Iarmhéid ag an		Aistrithe – Obair idir Lámha	Diúscairtí/ Aistrithe Reachtúla	Athluacháil	Coigeartuithe Costas Stairiúil	Iarmhéid ag an	Iarmhéid ag an
	01/01/2021	Méid a ceannaíodh					31/12/2021	31/12/2020
	€	€	€	€	€	€	€	€
Deontais	424,616,247	22,894,560	2,220,474	(288,000)	-	-	449,443,280	424,616,247
Iasachtaí	62,006,701	-	-	-	-	-	62,006,701	62,006,701
Cistithe ag Ioncam	17,414,984	5,978,278	187,110	-	-	-	23,580,372	17,414,984
Léasanna	996,365	-	-	-	-	-	996,365	996,365
Ranníocaíochtaí Forbartha	5,841,750	1,669,937	594,325	-	-	-	8,106,012	5,841,750
Bliantachtaí ó Cheannach ag Tionóntaí	425,053	-	-	-	-	-	425,053	425,053
Neamhchistithe	6,524,637	-	-	-	-	-	6,524,637	6,524,637
Stairiúil	2,231,465,602	-	-	(538,445)	-	-	2,230,927,157	2,231,465,602
Eile	52,153,010	-	-	-	-	-	52,153,010	52,153,010
